**BRIAN CONNEELY & CO. LTD.**
**BUILDING AND CIVIL ENGINEERING CONTRACTORS**
**KELLYSGROVE , BALLINASLOE , CO . GALWAY**
**Tel: 090 96 31836 Mob: 086 3898253 (switch)**

**CONNEELY**

**Web: www.conneelybuilders.ie**
**E-mail: info@conneelybuilders.ie**
**Postal Code: H53 XN97**

Don té lena mbaineann,

Tabhair faoi deara, le do thoil, go mbeidh na **hOibreacha Bóthair** seo a leanas á ndéanamh ag Brian Conneely and Co Ltd, thar ceann Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, ón 3 Samhain 2025.

**Trasrian Coisithe Dhroichead na mBradán**

Is éard atá i gceist le Tionscadal Thrasrian Coisithe Dhroichead na mBradán ná trasrian sealadach do choisithe a thógáil trasna Bhóthar na hOllscoile (an R863) ag Ardeaglais na Gaillimhe. Is trasrian túcánach a bheidh anseo (i.e. trasrian atá rialaithe ag comharthaí do choisithe, do dhaoine atá ag úsáid deiseanna a bhfuil rothaí orthu, agus do rothaithe). Ceanglóidh an trasrian an cosán ar Bhóthar na hOllscoile, in aice le Garraí an Iascaigh, le Droichead an Dóchais agus feabhsófar an tsábháilteacht do gach úsáideoir bóthair.

**Uaireanta Oibre**

Beidh an chuid is mó den obair ar siúl le linn na ngnáthuaireanta oibre (8:00-18:00 Luan go hAoine). Beidh gá roinnt den obair a dhéanamh i rith na hoíche chun lánaí a dhúnadh le linn amanna níos ciúine tráchta. Cuirfear stop leis an obair roimh thréimhse na Nollag go dtí an 6 Eanáir 2026.

**Bainistiú Tráchta**

Fostófar GKTM chun córais bainistithe tráchta shealadacha a chur i bhfeidhm le linn thréimhse na hoibre. Coinneofar trácht dhá threo d'fheithiclí le linn buaicthráthanna tráchta. Tá seans go mbeidh lánaí le dúnadh le linn uaireanta seachbhuaice. Cuirfear comharthaíocht in airde chun tiománaithe a chur ar an eolas faoin obair. Dúnfar cosáin feadh Dhroichead na mBradán agus Bhóthar na hOllscoile le linn tréimhsí áirithe. Cuirfear comharthaíocht in airde ar an dá thaobh de Dhroichead na mBradán, de réir mar is gá, chun úsáideoirí a chur ar an eolas faoi bhealaí sábháilte eile. Ní bheidh tionchar ag an obair seo ar Dhroichead an Dóchais agus fanfaidh sé oscailte an t-am ar fad.



**BRIAN CONNEELY & CO. LTD. KELLYSGROVE, BALLINASLOE, CO. GALWAY**
**Registered in Ireland: No. 220310. Registered Office: Kellysgrove, Ballinasloe, Co. Galway. Vat No. IE 8220310M**
**Directors: Colin O Connell, B.Eng. MIEI. Declan Murphy, BSc., Surveying.**
**Brian Conneely B.E., Chartered Engineer Breda Conneely, BSc., H.Dip.**